

Réamhrá

An bhfuil cúis faoi leith gur roghnaigh do thuismitheoirí d'ainm?

An raibh an t-ainm sin ar do dhaideo/mhamó?

An bhfuil ainm ag éinne atá bunaithe ar bhláth, ar chrainn, ar sheodra nó ar áit?

Ar tugadh ainm do éinne mar gheall ar an am den bhliain inar rugadh iad?

An bhfuil ainm ón mBíobla ar éinne?

Corp an Cheachta

Mínigh an bhrí atá leis an ainm Aonghus agus Dougal.

Taispeáin an liosta ainmneacha baiste seo thíos do na páistí. Iarr orthu iarracht a dhéanamh ciall a bhaint astu, ag baint úsáide as foclóir más gá. Meabhraigh dóibh go gcabhraíonn sé uaireanta an t-ainm a bhriseadh i ndá chuid.

Aisling	Fearghus
Aoibhinn	Fionn
Caoilfhionn	Ríona
Caoimhe	Ruairí
Cillian	Saoirse
Darach	

Iarr ar na páistí brí a n-ainmneacha a fháil amach, ag baint úsáide as www.behindthename.com.

Agus an t-eolas seo aimsithe acu, lig dóibh é a insint dá chéile i ngrúpaí.

Plé: Samhlaigh saol gan sloinnte?

Mínigh: Fadó ní raibh sloinnte ag daoine. Chun míthuiscint a sheachaint, chuir said ainm a dtuistí/seantuistí lena n-ainm féin. Mar shampla, bhí mac ag Brian darbh ainm Seán. Tugadh Seán Mac Briain air. Nuair a rugadh Peadar, garmhac le Brian, tugadh Peadar Ó Bhriain air.

Iarr ar na daltaí le 'Mac' nó 'Ó' ina gcuid sloinnte acu seasamh agus a n-ainmneacha a ghlaoch amach.

Iarr ar na daltaí le 'de' nó 'Fitz' ina gcuid sloinnte seasamh. Mínigh go gciallaíonn na focail seo 'mac' chomh maith. Iarr ar na daltaí seo a n-ainmneacha a ghlaoch amach.

Taispeáin roinnt armais theaghlaigh don rang ar an gclár. Mínigh go bhfuil armas difriúil ag gach clann. Lig do na daltaí armais a dteaghlach a aimsiú ar an idirlíon.

Deireadh

Iarr ar na páistí a n-ainmneacha baiste féin a mhíniú sna cóipleabhair staire agus an t-armais a bhaineann lena muintireacha a tharraingt agus a dhathú.

1. Cad is brí le d'ainm baiste?
2. Cad as a tháinig do shloinne?
3. Cén armas atá ag do

FOCLÓIR

Ainm Baiste

Sloinne

Armas teaghlaigh

